

RÁITEAS AIRGEADAIS BHLIANTÚIL

Comhairle Chondae An Longfoirt

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

CLÁR ÁBHAR

	Leathanach
Athbhreithniú Airgeadais	3
Teastas Bainisteora/Ceann Airgeadais	5
Tuairim Iniúchta	6
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	7
Cuntais Airgeadais	11
Cuntas Ioncaim & Caiteachais	12
Clár Comhardaithe	13
Nótaí faoi agus mar chuid de na Cuntais	14 - 21
Aguisíní	22
1 Ioncam de réir Ollfhoinse agus Caiteachas de réir Grúpa Speansais	23
2 Caiteachas agus Ioncam de réir Cláir	24
3 Anailís ar Ioncam ó Dheontais agus Fóirdheontais	28
4 Anailís ar Ioncam ó Earraí agus Seirbhísí	29
5 Achoimre ar Chaiteachas agus Ioncam Caipitiúil	30
6 Caiteachas agus Ioncam Caipitiúil de réir Cláir	31
7 Ollbhailiúcháin Ioncaim	33
8 Leas na nÚdarás Áitiúil i gCuideachtaí	34

Comhairle Chondae An Longfoirt

Athbhreithniú Airgeadais

Ráiteas Bliantúil Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

Tá áthas orm an Ráiteas Airgeadais de chuid Comhairle Chondae An Longfoirt don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 a chur i láthair. Mar aon leis an Ráiteas Bliantúil Airgeadais, tá Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Clár Comhardaithe, Ráiteas faoi Bheartais Cuntasaíochta, Nótaí a bhaineann leis na Cuntais agus Aguisíní.

Tá leagan amach Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2007 ar aon dul leis na cleachtais nua-aimseartha maidir le tuarascáileanna cuntasaíochta. Cintíonn sé seo go gcuirtear sonraí airgeadais ar fail, ar bhealach níos sofheicse agus go mbeidh sé níos sothuigthe ag léitheoirí.

Tá ioncam léirithe sa Ráiteas Bliantúil Airgeadais ar bhonn fabhráithe. Tá na féichiúnaithe ioncaim ar fad, agus iad a bhaineann le cíosa agus táillí uisce ina measc, léirithe sa chlár comhardaithe agus tá foráil chuí déanta i gcás fiacha amhrasacha.

Tá ionannú agus luacháil déanta ag Comhairle Chondae an Longfoirt ar

- * Sócmhainní seasta stairiúla, mar atá, tithe údarás áitiúil, talamh, trealamh, gléasra agus meaisínre
- * Gréasán bóthair
- * Gréasáin Uisce agus Séarachais

Is é luach na sócmhainní seasta atá léirithe sa chlár comhardaithe ar 31 Nollaig 2007 ná €1,023,324,223.

Don bhliain 2007, bhí caiteachas €44,544,454 ar an gcuntas ioncaim agus caitheachais agus aistrithe chuig cúlchistí sa áireamh; bhí ioncam €44,776,840 ar an gcuntas. Bhí €40,489,974 ar chaitheachas caipitiúil agus €39,250,751 ar ioncam caipitiúil. hAistriodh iomlán €1,466,644 ón gcuntas ioncaim agus caitheachais go cúlchistí.

Ag deireadh na bliana, bhí fuilleach ginearálta sochair €1,499,795 ann mar chúlchiste. Tá sé seo i gcompráid le sochair ginearálta €1,267,409 mar chúlchiste ag deireadh mí Nollag 2006.

Tá fuilleach sochair €26,468,255 sa chuntas caipitiúil, i gcomórtas le fuilleach sochair € 27,707,451 ar 31 Nollaig 2006.

Siad iomlán na fiacha atá amuigh ar an gComhairle de bharr iasachtaí ar 31 Nollaig 2007 ná €37,411,993. Fiacha €35,729,213 a bhí ann ar 31 Nollaig 2006, nó méadú 4.7%.

Tharraing an Chomhairle caiteachas breise €117,020 uirthí féin i ndáil le cothabháil údarás áitiúil agus bainistíocht eastáite i dtaca le Clár Grúpa 1. Tharraing Comhairle Chondae An Longfoirt caiteachas breise €137,028 uirthí féin i ndáil le pleananna forbortha agus bearta le haghaidh cuimsiú sóisialta i dtaca le Clár Grúpa 4. Mhol mé don Chomhairle glacadh leis an gcaiteachas breise seo.

Le forchéimniú go Lánchuntas Comhardaithe sa chóras Cuntasaíochta, tá cúrsaí an chasta, rud a éilíonn leibhéal níos aoirde mioneolais ins na cuntais bhliantúla. Is mian liom aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí agus an saineolas a cuireadh ar fáil ag Ms. Barbara Heslin agus Ms. Maeve Killian a chabhraigh leis an Ceannaire Airgeadais, agus in éineacht le baill eile d'fhoireann na Comhairle, d'éirigh leo Ráiteas Airgeadais Bliantúil na Comhairle, don bhliain 2007, a ullmhú agus a chur i láthair go beo agus in am trátha.

Tadhg Mac Cafraidh

Bainisteoir Chondae An Longfoirt

11 Feabhra 2008

Comhairle Chondae An Longfoirt

Teastas Bainisteora/Ceann Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

Déarbhaímid go bhfuil ráiteas airgeadais Comhairle Chondae An Longfoirt don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 mar atá leagtha amach ar leathanaigh X go Y ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad de réir na riachtanais chuntasaíochta a shocraíonn an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil. Chomh maith leis sin tá bearta curtha i gcrích againn chun calaois a chosc agus a bhrath, chomh maith le neamhrialtachtaí eile.

Sínithe: _____
Bainisteoir

Ceann Airgeadais

Dáta: **11 Feabhra 2008**

Comhairle Chondae An Longfoirt

Tuairim Iniúchta le hullmhú as féin agus le bheith curtha isteach

RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais de réir an Chóid Chleachtais Chuntasaíochta ar chuntasaíocht údaráis áitiúil, mar atá athbhreithnithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil, ar an 31 ú Nollaig 2007

Nuair atá neamhchomhlíonadh ann leis na beartais chuntasaíochta mar atá leagtha amach san CCC, tá sé seo ráite sna Beartais agus sna Nótaí do na Cuntais nuair is cuí.

2. Fabhruithe

Ullmhaíodh na cuntais airgid agus caipitil ar bhonn fabhraithe de réir an Chóid Cleachtais.

3. Muirir Úis

Is féidir iasachtaí atá le híoc a chur i dhá chatagóir ar leith:

- Iasachtaí lena mbaineann morgáiste
- Iasachtaí nach mbaineann morgáiste leo

3.1 Iasachtaí lena mbaineann Morgáiste

Tá sruth ioncaim chomhfhreagartha ag iasachtaí lena mbaineann morgáiste ó réamhiocaíochtaí fadtréimhseacha (.i. airgead tugtha ar iasacht ag an údarás áitiúil d'iasachtaithe), d'fhonn tithe a cheannach. Is é an chuid a bhaineann le hús amháin a ghearrtar nó a chuirtear leis an gcuntas ioncaim.

3.2 Iasachtaí nach mbaineann Morgáiste leo

Leagann Nóta 8 leis na cuntais amach na cineálacha iasachta faoin gceannteideal sin. Ní bheidh sruth comhfhreagrach ioncaim ag iasachtaí a bhaineann le sócmhainní/deontais, maoiniú ioncaim, údarás idir-áitiúil. Beidh maoiniú idirlinne mar chuid de mhaoiniú buan de réir a chéile. Beidh luach comhfhreagrach ag iasachtaí maidir leis na cinnteidil eile i Nóta 3.

4. Pinsin

Gearrtar íocaíochtaí i ndáil le pinsin agus aiscí ar an gcuntas ioncaim sa tréimhse cuntasaíochta ina ndéantar na híocaíochtaí. Áiríonn costas tuarastail agus pá sna cuntais asbhaintí i ndáil le buntáistí aoisliúntais (Baintrí agus Dilleachtaí san áireamh). Cuirtear a leithéid d'asbhaintí chuig an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais mar admhálacha. Táthar ag breithniú na gceanglas maidir le caighdeáin chuntasaíochta reatha a bhaineann le pinsin agus iad a chur i bhfeidhm i gcuntasaíocht údaráis áitiúil i láthair na huaire.

5. Forchostais

Laistigh de struchtúr an chláirghrúpa, tá costais áirithe ar féidir leo baint a bheith acu le níos mó ná clár amháin. Sainmhínítear na costais seo mar Mhuirear Bainistíochta Lárnaí. Leithdháiltear glanchaiteachas an Mhuirir Bainistíochta Lárnaí ar bhonn caiteachas gach aon chláirghrúpa, ach amháin an Muirear Bainistíochta Lárnaí.

6. Gníomhaireacht agus Seirbhísí Eile

Déantar Caiteachas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil nó a dhéantar ar son údaráis áitiúla eile a aisghabháil ar chostas nó i ndáil le socruithe ar leith.

7. Árachas

Feidhmíonn an Contae/an Baile /an Chathair/an Chomhairle barrachas árachas de

8. Foráil do Dhrochfhiacha & Fiacha Amhrasacha

Ní fheidhmíonn Comhairle Chondae An Longfoirt barraíochta árachais.

9. Sócmhainní Seasta

9.1 Catagóirí Sócmhainní

Cuirtear sócmhainní seasta i gcatagóirí mar a leagtar amach sa chlár comhardaithe. I nóta 1 mar chuid de na cuntais, tugtar miondealú orthu de réir an cineál sócmhainne.

9.2 Aitheantas

Déantar caiteachas ar cheannach nó tógáil sócmhainní seasta a chaipitiliú ar bhonn fabhrúithe.

9.3 Tomhas

Don chéad uair, áiríodh clár comhardaithe de shócmhainní uile an údaráis áitiúil ar an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil 2003. Rinneadh na sócmhainní a luacháil bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Áiríodh mar chostais stairiúla na sócmhainní uile a ceannaíodh nó a tógadh amháin 1/1/2004. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad sna ráitis airgeadais do 2008.

9.4 Athluacháil

Mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtas Cuntasaíochta is é an beartas a bheidh ann athluacháil a dhéanamh ar shócmhainní, más cuí, ag eatraimh nach mó ná cúig bliana.

9.5 Diúscairte

I ndáil le sócmhainní indiúscartha, cuirtear ioncam le cúlchiste ar leith agus go ginearálta úsáidtear é le sócmhainní nua a cheannach. Tá an úsáid a deir an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le bheith bainte as an

9.6 Dímheas

Faoin modh cuntasaíochta reatha is é amúchadh ar fhoinsí maoinithe na sócmhainne a chuireann tús le dímheas. Tá tionchar neodrach aige seo ar Ioncam & Caiteachas agus dá bhrí sin tá an muirear dímheasa agus airgead comhfhreagrach ó amúchadh as an áireamh ón Ráiteas Ioncaim & Caiteachais.

Seo a leanas na beartais a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní atá subject to do dhímheas:

Cineál Sócmhainne	Boinn	Dímheas (%) P.A
Gléasra & Meaisínre		
- Saol Fada	S/G	10%
- Saol Gearr	S/G	20%
Trealamh	S/G	20%
Troscán	S/G	20%
Sócmhainní Oidhreacht		Neamhní
Leabhair ón Leabharlann		Neamhní
Spraoi-pháirceanna	S/G	20%
Páirceanna	S/G	2%
Sócmhainní Uisce		
- Scéimeanna uisce	S/G	Fadsaoil Sócmhainne sa bhreis ar 70 bliain
- Scéimeanna draenála	S/G	Fadsaoil Sócmhainne sa bhreis ar 50 bliain

Ní ghearann an Chomhairle dímheas ar bith i mbliain na diúscartha agus gearrfaidh siad bliain iomlán dímheasa sa bhliain ina gceannaítear iad.

10. Deontais Rialtais

Coinnítear cuntas ar dheontais rialtais ar bhonn fabhrúithe. Déantar deontais a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a chur chun sochar an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais. Léirítear deontais a fhaightear, a bhaineann le tógáil sócmhainní, mar chuid den ioncam a bhaineann le hObair atá ar siúl. Nuair a thugtar an tionscnamh chun críche aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitilíthe.

11. Fuascailt Fiach

Cuirtear na fáiltais ó luathfhuascailt iasachtaí ó iasachtaithe i bhfeidhm ar luathfhuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáistí ón nGníomhaireacht um Airgeadais Tithíochta agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

12. Scéimeanna Léasa

Gearrtar íocaíochtaí ar an Ioncam & Caiteachas. Áirítear sócmhainní ar ceannaíodh faoi léas airgeadais sna sócmhainní seasta. Taispeántar an méid dlite ar iarmhéideanna neamhíoctha faoi dhliteanas reatha agus creidiúnaithe fadhréimhseacha.

13. Stoc

Déantar stoic a luacháil ar bhonn méanchostais.

14. Obair atá ar siúl & Réamhchaiteachas

Is costas stairiúil charntha ar thionscadail éagsúla a bhaineann le caipitil atá san obair atá ar siúl agus réamhchaiteachas. Taispeántar an ioncam fabhrúithe i leith na dtionscadal seo sa Chlár Comhardaithe mar 'Ioncam d'obair atá ar siúl'.

15. Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe

15.1 Féichiúnaithe

Ag deireadh na bliana airgeadais, is ionann féichiúnaithe agus ioncam nach bhfuil faighte go fóill.

15.2 Creidiúnaithe

Ag deireadh na bliana airgeadais, is ionann creidiúnaithe agus íocaíochtaí dlite maidir le hearraí faighte agus seirbhísí a cuireadh ar fáil, ach nach bhfuil íocaíocht faighte ina dtaobh go fóill.

16. Leas i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil

Níl an leas sna cuideachtaí atá faoi theorainn ráthaíochta atá liostáilte in Aguisín 8 san áireamh sna ráitis airgeadais. Áirítear an leas atá i gcuideachtaí gaolmhara eile i Nóta 3.

Sos An Longfoirt Teo. – Níl aon pháirtíocht corpraithe mar tá an comhlacht faoi theorainn bannaí.

Tionscnamh Fostaíochta An Longfoirt – Níl aon pháirtíocht corpraithe mar tá an Comhlacht faoi theorainn bannaí.

Tógáil Linne An Longfoirt Teoranta – Maidir leis an luacháil is déanaí atá le fáil ar scairchaipiteal an leasa sa comhlacht léiríonn na cuntais easnamh glan sócmhainne.

Comhlacht Forbairt Fiontraíochta an Longfoirt – Níl aon pháirtíocht corpraithe mar tá an comhlacht faoi theorainn bannaí.

Comhlacht Forbortha Limistéir Ghránaird – Níl aon pháirtíocht corpraithe mar tá an comhlacht faoi theorainn bannaí.

CUNTAIS AIRGEADAIS

RÁITEAS CUNTAIS AR IONCAM & CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

Tugann an Ráiteas Cuntais ar Ioncam agus Caiteachais ioncam agus caiteachais a bhaineann le cánach le chéile. Léiríonn sé an barrachas/(easnamh) don bhliain.

Caiteachas an Chláirghrúpa

		Ollchaiteachas	Ioncam	Glanchaiteachas	Glanchaiteachas
	Nótaí	2007 €	2007 €	2007 €	2006 €
Tithíocht & Tógáil		5,216,749	5,544,971	(328,222)	433,843
Sábháilteacht & Iompar de Bhóthair		14,939,943	10,148,901	4,791,042	4,209,681
Uisce & Séarachais		7,394,286	2,512,460	4,881,826	3,941,068
Dreasachtaí Forbartha & Rialúcháin		2,787,587	1,094,996	1,692,592	966,999
Cosaint Chomhshaoil		4,958,057	1,016,879	3,941,178	3,204,836
Áineas & Taitneamhacht		2,144,496	288,839	1,855,656	1,736,548
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas		3,319,714	2,769,674	550,040	523,071
Ilghnéitheach		2,227,597	1,511,531	716,066	1,245,359
		-	-	-	-
Ioncam/Caiteachas Iomlán	16	42,988,428	24,888,251		
Glanchoistas na gclár le bheith maoinithe ó Rátaí & Ciste an Rialtais Áitiúil				18,100,178	16,261,405
Rátaí				3,974,245	3,782,333
Ciste an Rialtais Áitiúil - Deontas Ilchuspóireach				14,718,563	13,296,084
Muirear an Chontae				1,106,400	1,106,400
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe	17			1,699,030	1,923,412
Aistrithe chuig/(ó) Chúlchistí	15			(1,466,644)	(1,896,911)
Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain				232,386	26,501
Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2007				(1,240,908)	(1,527,469)
Cúlchiste Ginearálta @ 31ú Nollaig 2007				(1,008,522)	(1,500,968)

CLÁR COMHARDAITHE AG 31 NOLLAIG 2007

	Nótaí	2007 €	2006 €
Sócmhainní Seasta	1		
Feidhmiúil		146,254,941	133,188,414
Infrastruchtúrach		871,271,437	867,579,930
Pobal		147,672	165,001
Neamhfheidhmiúil		5,650,173	5,830,740
		1,023,324,223	1,006,764,086
Obair atá ar siúl agus Réamhchostais	2	18,422,973	17,958,999
Féichiúnaithe Fádtréimhseacha	3	28,099,875	30,036,530
Sócmhainní Reatha			
Stoic	4	58,676	58,199
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	12,180,950	16,726,658
Infheistíochtaí Bainc		21,000,036	19,000,036
Airgead sa Bhanc		-	-
Airgead ar Láimh		72,243	111,690
Cuntas Uirbeach	7	-	-
		33,311,905	35,896,582
Dlíteanais Reatha (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)			
Rótharraingt Bhainc		2,327,542	1,975,711
Féichiúnaithe & Fabhruithe	6	6,551,898	7,951,603
Cuntas Uirbeach	7	-	-
Léasanna Airgeadais		-	-
		8,879,440	9,927,314
Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)		24,432,465	25,969,269
Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin)			
Iasachtaí le hIóc	8	35,548,991	33,861,507
Léasanna Airgeadais		-	-
Taiscí Inaisíochta	9	783,961	463,143
Eile		-	-
		36,332,952	34,324,649
Glansócmhainní		1,057,946,584	1,046,404,234
Arna n-airgeadú ag			
Cuntas Caipitlithe	10	1,023,324,226	1,006,764,086
Ioncam d'obair atá ar siúl	2	19,220,021	22,630,364
Sainchúlchiste Ioncaim		17,750	17,750
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		(1,008,522)	(1,500,968)
Iarmhéideanna eile	11	13,884,793	15,724,626
Balancing Figure		2,508,316	2,768,376
Cúlchistí Iomlána		1,057,946,584	1,046,404,234

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

1. Sócmhainní Seasta

	Talamh	Páirceanna	Tithíocht	Foirgnimh	Gléasra & Meaisínre (Saol Fada & Saol Gearr)	Ríomhairí, Troscán & Trealamh	Oidhreacht	Bóithre agus Bonneagar	Gréasán Uisce & Séarachais	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Costais										
Costais Charntha @ 1/1/2007	5,839,813	96,475	122,980,276	8,408,255	2,666,075	604,687	74,225	728,950,645	207,840,253	1,077,460,705
Rudaí Breise										
- Ceannaithe	-	-	7,798,782	-	1,175,619	330,958	-	-	-	9,305,359
- Aistrithe WIP	-	-	6,397,219	-	-	-	-	2,226,973	-	8,624,193
Diúscairtí	(232,199)	-	(2,653,711)	-	-	-	-	-	-	(2,885,910)
Athluacháil	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Coigeartuithe Costais Stairiúla	51,631	1,966	501,028	88,149	(25,500)	1,924	-	4,586,247	457,920	5,663,364
Costais Charntha @ 31/12/2007	5,659,245	98,441	135,023,594	8,496,404	3,816,194	937,569	74,225	735,763,866	208,298,172	1,098,167,711
Dímheas										
Dímheas @ 1/1/2007	-	38,590	-	-	1,170,341	276,719	-	-	69,210,968	70,696,619
Soláthar don Bhliain	-	19,295	-	-	378,836	169,105	-	-	3,579,633	4,146,869
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Dímheas Charntha @ 31/12/2007	-	57,885	-	-	1,549,177	445,824	-	-	72,790,601	74,843,488
Glanluach Leabhair @ 31/12/2007	5,659,245	40,556	135,023,594	8,496,404	2,267,017	491,745	74,225	735,763,866	135,507,571	1,023,324,223
Glanluach Leabhair @ 31/12/2006	5,839,813	57,885	122,980,276	8,408,255	1,495,734	327,968	74,225	728,950,645	138,629,285	1,006,764,086
Glanluach Leabhair trí Chatagóir										
Feidhmiúil	1,166,181	-	135,023,594	7,306,404	2,267,017	491,745	-	-	-	146,254,941
Infrastruchtúrach	-	-	-	-	-	-	-	735,763,866	135,507,571	871,271,437
Pobal	32,892	40,556	-	-	-	-	74,225	-	-	147,672
Neamhfheidhmiúil	4,460,173	-	-	1,190,000	-	-	-	-	-	5,650,173
Glanluach Leabhair @ 31/12/2007	5,659,245	40,556	135,023,594	8,496,404	2,267,017	491,745	74,225	735,763,866	135,507,571	1,023,324,223

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

2. Obair atá ar siúl agus Réamhchostais

Seo a leanas achoimre ar an obair atá ar siúl faoi láthair agus réamhchaiteachas i gcatagóir sócmhainne:

	Maoinithe 2007 €	Neamh-mhaoinithe 2007 €	Iomlán 2007 €	Iomlán 2006 €
Caiteachas				
Obair atá ar siúl	13,676,947	-	13,676,947	14,693,767
Réamhchostais	4,493,788	252,238	4,746,026	3,265,232
	18,170,735	252,238	18,422,973	17,958,999
Ioncam				
Obair atá ar siúl	15,108,002	-	15,108,002	18,938,255
Réamhchostais	4,099,321	12,697	4,112,019	3,692,109
	19,207,323	12,697	19,220,021	22,630,364
Ollchaiteachas				
Obair atá ar siúl	(1,431,055)	-	(1,431,055)	(4,244,488)
Réamhchostais	394,467	239,540	634,007	(426,877)
Glanchaiteachas Os cionn/(Faoi bhun)	(1,036,588)	239,540	(797,048)	(4,671,365)

3. Féichiúnaithe Fadtréimhseacha

Seo a leanas miondealú ar na féichiúnaithe fadtréimhseacha:

	larmhéid @ 1/1/2007 €	lasachtaí Arna n-Eisiúint €	Príomhshuim Aisíoctha €	Luath Fhuascailti €	Coigeartuithe Eile €	larmhéid @ 31/12/2007 €	larmhéid @ 31/12/2006 €
Réamhlócaíochtaí Morgáistí Fadtréimhseacha*	15,595,038	1,959,686	(603,791)	(973,989)	(40,149)	15,936,795	15,595,038
Réamhlócaíochtaí Ceannacháin Tionónta	203,681	-	(27,347)	(8,433)	-	167,901	203,681
Cothromas ar Cíos faoi Chomhúinéireacht	2,072,658	60,713		(229,363)	56,093	1,960,101	2,072,658
	17,871,378	2,020,399	(631,138)	(1,211,785)	15,944	18,064,797	17,871,378
Tithíocht Dheonach						10,683,543	10,983,761
Lasachtaí Údaráis Idir-Áitiúil						-	-
Infheistíochtaí Fadtréimhseacha						-	-
Airgead Tirim						-	-
Leas i gcuideachtaí comhlachaithe						1	1,833,900
Eile						-	-
						10,683,544	12,817,661
						28,748,341	30,689,039
Lúide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Notá 5)						(648,466)	(652,509)
Méideanna iomlána dlite tar éis níos mó ná bliain amháin						28,099,875	30,036,530

* lasachtaí na Gníomhaireachta um Airgeadas Tithíochta san áireamh

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

4. Stoic

(a) Seo a leanas achoimre ar stoc:

	2007 €	2006 €
Stóras Lárnach	35,568	34,550
Ionaid Eile	23,108	23,650
Iomlán	58,676	58,199

(b) Seo a leanas achoimre ar ghluaiseacht stoic:

	2007 €	2006 €
Stoc Tosaigh an 1 Eanáir	58,199	71,108
Ceannacháin	61,729	71,693
Curtha ar ais chuig Stórais	-	16
Eisithe ó Stórais	(57,608)	(82,160)
Leasuithe ar Stocáireamh	-	(2,518)
Leasuithe eile	(3,644)	61
Stoc Deiridh ag 31 Nollaig	58,676	58,199

5. Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí

Seo a leanas miondealú ar fhéichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí:

	2007 €	2006 €
Féichiúnaithe Rialtais	3,507,028	2,896,863
Féichiúnaithe Tráchtála	1,250,116	1,060,043
Féichiúnaithe Neamhthráchtála	599,224	468,398
Féichiúnaithe Tobhaigh Forbartha	7,303,068	11,869,310
Seirbhísí Eile	221,786	218,281
Údaráis Áitiúla Eile	60,821	10,291
Faoiseamh Cánach ag an bhFoinse Inaisíoctha	-	124,087
Oibrithe Gníomhaire Inaisghabhálte	13,394	12,508
Eile	-	-
Móide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Notá 3)	648,466	652,509
Olliomlán na bhFéichiúnaithe	13,603,902	17,312,290
Lúide: Foráil d'Fhiacha Amhrasacha	(1,846,631)	(629,000)
Iomlán na bhFéichiúnaithe Trádála	11,757,270	16,683,290
Réamhíocaíochtaí	423,679	43,367
	12,180,950	16,726,658

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

6. Féichiúnaithe agus Fabhruithe

Seo a leanas miondealú ar chreidiúnaithe agus ar fhabhruithe:

	2007 €	2006 €
Féichiúnaithe trádála	1,693,405	2,302,534
Deontais	13,670	2,800
Coimisinéirí Ioncaim	453,440	563,064
Údarás Áitiúla Eile	4,049	51,711
Creidiúnaithe Eile	156,672	140,255
	2,321,236	3,060,364
Fabhruithe	2,367,660	3,023,432
Ioncam Iarchurtha	-	-
Móide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Notá 8)	1,863,002	1,867,807
	6,551,898	7,951,603

7. Cuntas Uirbeach

Seo a leanas achoimre ar an gcountas Idirchuideachta:

	2007 €	2006 €
Iarmhéid an 1 Eanáir	-	-
Muirear don Bhliain	1,106,400	1,106,400
Faighte /Íoctha	(1,106,400)	(1,106,400)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	-	-

8. Iasachtaí Iníoctha

(a) Gluaiseacht in Iasachtaí Iníoctha:

	HFA	OPW	Eile	Iarmhéid @ 31/12/2007	Iarmhéid @ 31/12/2006
	€	€	€	€	€
Iarmhéid @ 1/1/2007	31,631,423	2,129,914	1,967,976	35,729,313	38,619,517
Iasachtaí	1,300,000	-	2,000,000	3,300,000	-
Aisíocaíocht ar Phríomhshuim	(1,033,486)	(459,028)	(127,000)	(1,619,514)	(1,772,895)
Luath Fhuascailtí	(59,010)	-	-	(59,010)	(1,175,213)
Coigeartuithe Eile	61,204	-	-	61,204	57,905
Iarmhéid @ 31/12/2007	31,900,131	1,670,886	3,840,976	37,411,993	35,729,313
Lúide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Notá 6)				1,863,002	1,867,807
Méideanna lomlána a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin				35,548,991	33,861,507

(b) Feidhmiú na nIasachtaí

Seo a leanas anailís ar iasachtaí iníoctha:

	HFA	OPW	Eile	Iarmhéid @ 31/12/2007	Iarmhéid @ 31/12/2006
	€	€	€	€	€
Iasachtaí morgáiste*	12,177,194	1,665,186	-	13,842,380	14,757,956
Iasachtaí Neamh-Mhorgáiste					
Sócmhainní/Deontais	6,859,637	5,700	3,840,976	10,706,313	7,866,839
Maoiniú Ioncaim	-	-	0	0	0
Idir-Airgeadais	-	-	-	-	-
Inaisghabháilte	-	-	-	-	-
Comhúinéireacht – Cothromas ar Chíos	2,179,757	-	-	2,179,757	2,120,757
Údarás Idir-Áitiúil	-	-	-	-	-
Tithíocht dheonach	10,683,543	-	-	10,683,543	10,983,761
	31,900,131	1,670,886	3,840,976	37,411,993	35,729,313
Lúide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Notá 6)				1,863,002	1,867,807
Méideanna lomlána a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin				35,548,991	33,861,507

* Iasachtaí na Gníomhaireachta um Airgeadas Tithíochta san áireamh

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

9. Taiscí Inaisíochtha

Seo a leanas cuntas ar ghluaiseacht na dtaiscí in-aisíochtha:

	2007 €	2006 €
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir	463,143	482,146
Taiscí faighte	345,839	32,297
Taiscí aisíochtha	(25,020)	(51,300)
Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig	783,961	463,143

10. Cuntas Caipitlithe

Léiríonn an cuntas caipitlithe maoiniú na sócmhainní mar seo a leanas:

	Iarmhéid @ 1/1/2007 €	Ceannaithe €	Aistrithe WIP €	Diúscairtí €	Athluacháil €	Coigeartuithe Costais Stairiúla €	Iarmhéid @ 31/12/2007 €	Balance @ 31/12/2006 €
Deontais	66,672,292	8,340,972	6,397,219	(592,998)	-	5,746,796	86,564,282	66,672,292
Iasachtaí	2,603,310	-	-	-	-	51,631	2,654,942	2,603,310
Ioncam maoinithe	1,488,825	702,006	-	(213,204)	-	4,671	1,982,298	1,488,825
Léasanna	-	-	-	-	-	-	-	-
Tobhaigh Forbartha	272,985	262,381	2,226,973	-	-	3,893	2,766,233	272,985
Blianta Ceannacháin Tionónta	-	-	-	-	-	-	-	-
Neamh-mhaoinithe	-	-	-	-	-	-	-	-
Stairiúil	1,005,819,665	-	-	(2,079,708)	-	-	1,003,739,957	1,005,819,665
Eile	603,627	-	-	-	-	(143,623)	460,003	603,627
Glaníomlán maoinithe	1,077,460,705	9,305,359	8,624,193	(2,885,910)	-	5,663,367	1,098,167,714	1,077,460,705
Lúide: Amúchta							(74,843,488)	(70,696,619)
Iomlán *							1,023,324,226	1,006,764,086

* Ní mór dó aontú le nóta 1

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

11. Iarmhéideanna Eile

Seo a leanas miondealú ar na hiarmhéideanna eile:

Nóta	larmhéid @ 1/1/2007 €	Caipiteal re-aicmiúclán * €	Caiteachas €	Ioncam €	Aistriú ó na Coimisinéirí Ioncaim €	Aistriú chuig na Coimisinéirí Ioncaim €	Aistrithe Inmhéanacha €	larmhéid @ 31/12/2007 €	larmhéid @ 31/12/2006 €
Blianta Ceannacháin Tionónta									
- Réadaithe	(a) 1,363,947	-	41,761	2,455,598	-	89,381	(1,529,769)	2,158,633	1,363,947
- Neamhréadaithe	(b) 203,681	-	-	(35,780)	-	-	-	167,901	203,681
Tobhaigh Forbartha	(c) 15,693,739	-	803,752	3,560,943	-	-	(837,165)	17,613,765	15,693,739
Iarmhéideanna Neamh-mhaoinithe									
- Iarmhéideanna Tionscnaimh	(d) (2,144,570)	(32,519)	56,511	16,000	-	-	-	(2,217,601)	(2,144,570)
- Iarmhéideanna Neamhthionscnaimh	(e) (3,528,639)	(31,708)	446,602	1,318,750	-	-	-	(2,688,199)	(3,528,639)
Iarmhéideanna Maoinithe									
- Iarmhéideanna Tionscnaimh	(f) (835,430)	374,039	17,371,605	15,929,846	251,171	-	1,111,290	(540,688)	(835,430)
- Iarmhéideanna Neamhthionscnaimh	(g) (2,001,819)	644,648	12,794,462	9,147,004	355,074	-	2,246,402	(2,403,152)	(2,001,819)
Iarmhéideanna Eile									
- Sócmhainní	(h) 12,236,383	-	1,731,215	1,193,173	20,000	-	(952,066)	10,766,275	12,236,383
- Ciste Árachais	(i) -	-	-	-	-	-	-	-	-
- Ginearálta	(j) 2,061,305	10,905	904,116	1,549,239	151,508	-	(41,173)	2,827,667	2,061,305
Iarmhéideanna Glanchaipiteal	23,048,596	965,365	34,150,024	35,134,772	777,753	89,381	(2,480)	25,684,601	23,048,596
Iasachtaí Neamh-Mhorgáiste - Prionsabal le bheith Amú	(k)							(10,706,313)	(7,866,839)
Aisíoc Léasa - Prionsabal le bheith Amúchta	(l)							-	-
Barrachas/(Easnamh) maoinithe ar Mhorgáiste Tosaigh	(m)							(955,210)	(1,161,126)
Cuntas Cothromas ar Cíos faoi Chomhúinéireacht	(n)							(138,285)	(129,904)
Cúlchistí - cuideachtaí comhlachaithe								1	1,833,900
								(11,799,808)	(7,323,970)
Iomlán Iarmhéideanna Eile								13,884,793	15,724,626

* Feidhmigh ar son athrú i stádas agus ciste don Iarmhéideanna Caipiteal

Nóta (a)	Aisíocaíochtaí Fabhráithe de bhlianta ó iasachtaí a bhfuil tithe de chuid údaráis áitiúil ceannaithe acu.
Nóta (b)	Aisíocaíochtaí blianta ó iasachtaí amach anseo, nach bhfuil dlite go fóill, a bhfuil tithe de chuid údaráis áitiúil ceannaithe acu.
Nóta (c)	Ranníocaíochtaí forbartha le cur i bhfeidhm ar fhorbairt sainiúla nó ginearálta.
Nóta (d)	Iarmhéideanna a bhaineann le cóid sócmhainní comhlánaithe a gcaithfear maoiniú a aimsiú ina dtaobh go fóill.
Nóta (e)	Iarmhéideanna a bhaineann le cóid chapitúla nach mbíonn sócmhainní a gcaithfear maoiniú a aimsiú dóibh go fóill mar thoradh orthu.
Nóta (f)	Iarmhéideanna a bhaineann le cóid sócmhainní comhlánaithe a bhfuil maoiniú aimsithe ina dtaobh ach nach bhfuil faighte go fóill.
Nóta (g)	Iarmhéideanna a bhaineann le cóid chaipitúla nach mbíonn sócmhainní a bhfuil maoiniú aimsithe ina dtaobh ach nach bhfuil faighte go fóill mar thoradh orthu.
Nóta (h)	Baineann sé le forálacha cúlchistí agus réamh-mhaoiniú i gcás sócmhainní Údarás Áitiúil amach anseo.
Nóta (i)	Baineann sé le forálacha cúlchistí i gcás dlíteanais árachais amach anseo.
Nóta (j)	Baineann sé le forálacha cúlchistí agus Iarmhéideanna Creidmheasa Ilghnéitheacha.
Nóta (k)	Maoinithear príomhshuim agus ús iasachtaí nach mbaineann morgáiste leo tríd an gcuntas ioncaim agus Caiteachais.
Nóta (l)	Léiríonn sé sin an príomhshuim atá le híoc ar gach iasacht den tsórt sin.
Nóta (m)	Mar a chéile le (k), léiríonn sé an dlíteanas léasa amach anseo a bheidh fós le maoiniú.
Nóta (n)	Baineann sé leis an staid maoinithe ar an leabhar iasachtaí Morgáiste le hathrú ar chuntasaíocht an Chláir Comhardaithe, glan ar dhifríochtaí uainíochta agus díscríobha chuig na Coimisinéirí Ioncaim ina dhiaidh sin.
Nóta (o)	Faoin scéim comhúinéireachta tá an eilimint cothromais mar aon leis na hiasachtaí comhfhreagartha innéacsaithe leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí.
	Léiríonn an cúlchiste seo an difríocht charntha idir luach an dá innéacs agus is difríochtaí uainíochta is cúis den chuid is mó leo seo.
	Níor dearnadh foráil sa Ráiteas Bliantúil Airgeadais i ndáil leis an ceangaltas/na dlíteanais ghaolmhara do chaitheamh na ranníocaíochtaí forbartha seo.

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

12. Anailís ar Chuntas Caipitiúil

Tá an cuntas caipitiúil dí-chomhiomlánaithe agus tá na cuntais seo a leanas le fáil sa chlár comhardaithe:

Glanmhéid d'obair atá ar siúl & Réamhchostais (Nóta 2)
 Glaniamhdeanna chaipitiúla (Nóta 11)
 Oibrithe Gníomhaire Inaisghabháilte (Nóta 5)
Barrachas/(Easnamh) san larmhéid Caipitiúil @ 31 Nollaig

2007	2006
€	€
797,048	4,671,365
25,684,601	23,048,596
(13,394)	(12,508)
26,468,255	27,707,453

Seo a leanas achoimre ar na hathruithe sa chuntas Caipitiúil (Féach Aguisín 6):

Comhardú Tosaigh @ 1 Eanáir

Caiteachas

Ioncam

- Deontais
- Iasachtaí
- Eile

Ioncam Iomlán

Glan-Aistrithe Ioncaim

Iarmhéid Deiridh @ 31 Nollag

2007	2006
€	€
27,707,451	7,182,577
